Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13426/22**

**RECH 534**
**FIN 1058**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12762/22 RECH 507 FIN 955 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "*Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta*"<br>*- Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta", a ghlac an Chomhairle an 13 Deireadh Fómhair 2022.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

**'Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

– cuspóir sonrach Fhís 2020 'Feabhas a leathnú agus rannpháirtíocht a ardú' arbh é ab aidhm dó cumas dhaoine tréitheacha na hEorpa a shaothrú go hiomlán agus a áirithiú go mbainfear an leas is fearr as sochair gheilleagair atá faoi thionchar na nuálaíochta agus go scaipfear iad ar fud an Aontais i gcomhréir le prionsabal an bharr feabhais;

– na conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2017 'Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime'[1], inar admhaigh sí gur gá leanúint ar aghaidh leis na bearta lena dtugtar aghaidh 'ar an mBarr Feabhais a Scaipeadh agus ar an Rannpháirtíocht a Leathnú' (SEWP) agus gur gá iad a neartú, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar SEWP mar shaincheist leathan;

– na conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2020 maidir leis 'an Limistéar Eorpach Taighde Nua' (LET)[2], ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá poitéinseal LET a ghníomhachtú agus a úsáid go hiomlán chun rannchuidiú le cuspóirí beartais réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha trí bhíthin bearta spriocdhírithe ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais chun oscailteacht agus cuimsitheacht na líonraí comhair a chur chun cinn agus an ilroinnt agus na héagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú;

---

[1] 15320/17

[2] 13567/20

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta*[3] agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta[4]; ADMHAÍONN SÍ torthaí na Cúirte gur tugadh aghaidh sna bearta um fhairsingiú a tugadh isteach faoi Fhís 2020 ar chuid de na cúiseanna le rannpháirtíocht íseal roinnt Ballstát sa Chlár Réime agus go bhfuil roinnt torthaí dearfacha doláimhsithe agus inláimhsithe bainte amach cheana féin ag roinnt tionscadal; TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúid na Cúirte go bhfuil gá le hinfheistíochtaí agus athchóirithe leanúnacha náisiúnta i gcórais náisiúnta T&N chun fíorathrú inbhuanaithe a déanamh;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt úsáid na Saoráide Tacaíochta Beartais a neartú agus a leathnú; ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá na bearta tionlacain faoin tSaoráid Tacaíochta Beartais mar aon leis an ionstraim um thacaíocht theicniúil chun tacú leis na Ballstáit a gcóras náisiúnta T&N a neartú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na córais náisiúnta éagsúla agus na hathchóirithe atá déanta cheana ag na Ballstáit a chur san áireamh; agus SPREAGANN SÍ idirphlé rialta beartais ar bhonn deonach idir na Ballstáit agus an Coimisiún sna fóraim ábhartha chun bealaí a shainaithint go comhpháirteach maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd atá beartaithe faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus inniúlacht na mBallstát á cur san áireamh;

---

3 Tá an Tuarascáil Speisialta ar fáil i ngach teanga oifigiúil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR22_15/SR_Horizon_2020_Widening_EN.pdf .

4 Tá freagraí an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta ar fáil i ngach teanga oifigiúil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECAReplies/COM-Replies-SR-22-15/COM-Replies-SR-22-15_EN.pdf

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt go bhféachfaí le cothromaíocht níos fearr ar bhonn geografach a bhaint amach do na tíortha a thagann faoin bhfairsingiú ó thaobh a rannpháirtíochta i mbearta um fhairsingiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na leibhéil rannpháirtíochta agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht phunann iomlán na mbeart um fhairsingiú, lena n-áirítear bearta nua arna dtabhairt isteach faoi Fhís Eorpach, agus, dá dtiocfadh míchothromaíochtaí suntasacha leanúnacha chun cinn, go ndéanfaí measúnú ar an ngá atá le gníomhaíochtaí níos saincheaptha agus gníomhaíochtaí líonraithe spriocdhírithe, lena n-áirítear trí Phointí Teagmhála Náisiúnta, chun leibhéal níos leithne rannpháirtíochta a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí rannpháirtíochta i measc tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus a áirithiú go leanfar de leithdháileadh cistiúcháin a bhunú ar phrionsabal an bharr feabhais;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt infhaighteacht thráthúil ar chistiú forlíontach a éascú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sineirgí idir cláir an Aontais, ar thaobh amháin, agus idir an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach, ar an taobh eile, chun clársceidealú agus cur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt T&N; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i ngleic le moilleanna maidir le cistiú forlíontach a chur chun feidhme agus a seacht ndícheall a dhéanamh é a shimpliú;

5. TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar chumas na dtairbhithe tionscadail a gcuid torthaí taighde a shaothrú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an oiliúint agus an chóitseáil a chuirtear ar fáil do thairbhithe na dtionscadal a threisiú, teagmhálacha a chur chun cinn idir tairbhithe agus comhpháirtithe ionchasacha lena n-áirítear tionscal, agus luachshocrú torthaí taighde na mbeart um fhairsingiú a spreagadh; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint an bhféadfaí tacaíocht a chur ar fáil chun go mbeifear in ann na torthaí a baineadh amach faoi bhearta um fhairsingiú a luacháil;

6. TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar fhaireachán na mbeart um fhairsingiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún táscairí a shainaithint lena ndéantar measúnú ar rannchuidiú na mbeart um fhairsingiú le príomhchonairí tionchair, lena n-áirítear tréimhse atá níos faide ná fad na dtionscadal aonair, agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart um fhairsingiú ar rannpháirtíocht sa Chlár Réime;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na moltaí ón gCúirt a chur san áireamh agus bearta reatha um fhairsingiú á gcur chun feidhme agus na bearta um fhairsingiú á ndearadh amach anseo i gcomhthéacs na meastóireachta eatramhaí ar Fhís Eorpach agus i gcomhthéacs an ullmhúcháin don chéad Chlár Réime eile.

---